Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Breithnithe breise maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2022 Moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro

(COM(2021) 742 final) (níl leagan Gaeilge ann)

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/07)

Rapóirtéir: **Juraj SIPKO**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	22.3.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	6.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	170/1/2//

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tugann CESE dá aire go bhfuil ardleibhéal suntasach éiginnteachta eacnamaíche, geo-eacnamaíche agus polaitiúla ina shaintréith den fhorbairt eacnamaíoch reatha sa limistéir euro agus san Aontas Eorpach. Toradh dhá thurraing leanúnacha is ea an éiginnteacht sin, mar atá: leitheadúlacht leanúnach COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin. Is ann, freisin, do riosca nua maidir le hilroinnt in earnálacha na trádála idirnáisiúnta, na n-íocaíochtaí, agus na margaí caipitil agus airgeadais, lena n-áirítear monaraíocht, taighde agus iompar. Tá carn mór fiachais phoiblí ann agus fás tagtha ar an mboilsciú de dheasca na rioscaí sistéamacha sin. Mar sin féin, is é an t-athrú aeráide, fós, an dúshlán is mó atá le sárú sa limistéar euro agus i mBallstáit an Aontais.

1.2. Tá sé á athdhearbhú ag CESE nár tháinig deireadh go fóill, ná fiú baol air, leis an gcomhrac i gcoinne leitheadúlacht leanúnach COVID-19. Dá bhrí sin, ba cheart gach beart substainteach agus sistéamach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngalar, agus, san am céanna, ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair gach eipidéime agus paindéime eile a d'fhéadfadh briseadh amach. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil an ráta is airde toradh ar infheistíocht le feiceáil in earnáil na sláinte, faoi mar a léirigh gach ar tharla le caitheamh an dá bhliain anuas.

1.3. Tacaíonn CESE le deireadh a chur le hionradh agus cogadh na Rúise san Úcráin agus le hiomláine chríochach na hÚcráine a athbhunú. Ach sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé go gcruthófaí na dálaí atá ag teastáil i leith fás eacnamaíoch athléimneach, cuimsitheach agus inbhuanaithe i dtíortha an limistéir euro agus i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

1.4. Tá súil ghéar á coinneáil ag CESE ar na treochtaí boilscithe atá thar a bheith neamhfhabhrach, a eascraíonn, go príomha, as an méadú atá ag teacht ar phraghsanna tráchtearraí, bia agus fuinnimh, lena n-áirítear suaitheadh sa slabhra soláthair. Sa chás seo, ní uirlis éifeachtach é, dáiríre, na rátaí úis a ardú. Má tá beartas airgeadaíochta ann atá ródhian, d'fheadfadh sé an riosca a ardú go mbeadh cúlú eacnamaíoch ann agus moill a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha, infheistíochtaí a bhfuil géarghá leo, san aistriú fuinnimh. Ar an gcúis sin, tá CESE ag moladh don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) measúnú leordhóthanach comhréireachta a dhéanamh ina ndéanfar anailís chúramach ar fhothorthaí beartais airgeadaíochta atá níos doichte agus ar na hiarmhairtí a ghabhfadh leis sin do spriocanna fadtéarmacha maidir le cobhsaíocht praghsanna. Mar sin féin, molann CESE do BCE an croí-bhoilsciú a laghdú gan cur isteach ar théarnamh eacnamaíoch an Aontais. Mar gheall ar na rioscaí thuasluaite, ba cheart do BCE leanúint air, go haireach, agus an beartas airgeadaíochta a normalú.

1.5. I bhfianaise an mhéadaithe thobainn atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh agus bia, tá CESE ag moladh go mbunódh lucht ceaptha beartas ar an leibhéal náisiúnta, a bhfuil cúrsaí eacnamaíocha faoina chúram, líontán sábhála sóisialta dea-fheidhmiúil éifeachtach le haghaidh na ngrúpaí is leochailí den phobal, lena n-áirítear na dreamanna is mó atá buailte sa mheánaicme, líontán nach bhfágfaí aon duine ar lár ann.

1.6. Tá CESE buartha faoin bhfiachas poiblí atá fós ag carnadh. Dá bhrí sin, molann sé céimeanna chun tosaigh a thabhairt i dtreo comhdhlúthú fioscach don mheántéarma. Ar mhaithe leis na buiséid náisiúnta a athshlánú, feictear do CESE go bhféadfaí cánachas cothromasach a thabhairt isteach agus, leis sin, go bhféadfaí cistí poiblí a úsáid go héifeachtach.

1.7. Tá sé á chur in iúl ag CESE go ndearnadh an cinneadh ceart agus an clásal éalaithe ginearálta a chur i bhfeidhm mar thoradh ar COVID-19. Cé go bhfuil síneadh curtha leis go dtí 2023, caithfear breithniú a dhéanamh maidir lena shíneadh tuilleadh i gcás go leanfadh na rioscaí sistéamacha ar aghaidh. Tá CESE ag súil leis, mar sin, go n-ullmhódh an Coimisiún Eorpach, gan mhoill, céimeanna nithiúla chun an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a athchóiriú.

1.8. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta i dtreo aontas airgeadais a bhunú, ní mór na bearta substainteacha agus na bearta sistéamacha go léir i gcomhair chríochnú an Aontais Baincéireachta agus chríochnú Aontas na Margaí Caipitil a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Ina leith sin, tá CESE ag iarraidh ar na heagraíochtaí freagracha agus ar na hinstitiúidí inniúla dul i gcomhar le chéile chun aontas airgeadais a chruthú.

1.9. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil tionchar diúltach ag an ilroinnt. Ina theannta sin, tá sé á chur in iúl aige a éagobhsaí atá an margadh bannaí flaithiúnais i margaí an limistéir euro. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dó an fógra ón mBanc Ceannais Eorpach ón 15 Meitheamh 2022 maidir le bearta a ullmhú chun dul i ngleic le hilroinnt sa limistéar euro.

1.10. Tacaíonn CESE le claochlú gheilleagair an limistéir euro. Ag an am céanna, tá an riosca eiseach a bhaineann leis an athrú aeráide á chur in iúl aige. Ina fhianaise sin, agus in ainneoin na bhforbairtí casta geo-eacnamaíocha gan choinne, molann sé aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh agus úsáid a bhaint as na hacmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil faoin bplean téarnaimh mar aon le hacmhainní airgeadais eile, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do mhaoiniú na hearnála príobháidí.

1.11. Ach oiread le tíortha eile san Aontas Eorpach, tá turraingí, rioscaí agus bagairtí sistéamacha le sárú i dtíortha an limistéir euro faoi láthair. Ar an gcúis sin, agus an uair chinniúnach seo buailte leis an gcine daonna, tá CESE ag iarraidh ar gach uile thír agus ar gach uile institiúid idirnáisiúnta inniúil oibriú as lámha a chéile d'fhonn aghaidh a thabhairt ar gach turraing, riosca agus bagairt shistéamach atá le sárú ag an domhan faoi láthair, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. D'fhéadfadh iarmhairtí forleathana a bheith ann dá gcuirfí glacadh agus cur chun feidhme na mbeart ar an méar fhada, ní hamháin i dtéarmaí caillteanas ábhartha, ach, freisin, agus thar aon ní eile, i dtéarmaí báis.

2. **Cúlra agus comhthéacs**

2.1. Mar atá cúrsaí faoi láthair, tá dhá thurraing iarbhír ann: COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin. Mar gheall orthu sin, agus anuas ar an ilroinnt geo-eacnamaíoch a d'eascair astu, is ann d'ardleibhéal éiginnteachta. Murar leor an méid sin, tá rioscaí suntasacha socheacnamaíocha sa limistéar euro agus san Aontas araon de dheasca an mhéadaithe atá ag teacht ar phraghsanna tráchtearraí agus bia. I bhfianaise na bagartha eisí a bhaineann leis an athrú aeráide, tá an t-aistriú chuig geilleagar glas ar cheann de na dúshláin is mó sa limistéar euro agus sna Ballstáit.

2.2. Tá turraingí iarbhír seachtracha i dtíortha an limistéir euro, turraingí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, a bhaineann le forbairtí eacnamaíocha an lae inniu. Dá bhrí sin, ó thaobh na mbuntáscairí maicreacnamaíocha de, ní fhéadfaí féachaint ar na forbairtí sin mar bheith cobhsaí. Ina theannta sin, tá dúshláin sheanbhunaithe struchtúracha le sárú ag roinnt Ballstát den limistéar euro agus geilleagair inbhuanaithe, athléimneacha agus chuimsitheacha á dtógáil acu.

2.3. Sular thit an dá thurraing shistéamacha seo amach, bhí an boilsciú réasúnta íseal i mbeagnach gach Ballstát sa limistéar euro. Fiú roimh thús na géarchéime aeráide, taifeadadh rátaí boilscithe a bhí ní b'ísle fós, agus bhí díbhoilsciú i roinnt tíortha sa limistéar euro fiú. Agus an chaoi a bhfuil dinimic bhoilscithe an lae inniu, is ga úsáid fhorleathan a bhaint as bosca uirlisí BCE. Faoi láthair, tá an boilsciú ar cheann de na rioscaí is mó ó thaobh fás eacnamaíoch inbhuanaithe, athléimneach agus cuimsitheach a dhéanamh sa limistéar euro de. Ní fhéadfaí an boilsciú a laghdú, a chobhsú agus a choinneáil faoi bhun na sprice boilscithe, i.e. faoi bhun 2 %, mura ndéanfaí na hathruithe cuí i mbeartas airgeadaíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Ar a shon sin, tá a raibh ag teastáil chun sainordú BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna a shaothrú agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint déanta ag an gComhairle Rialaithe. Tá sé tábhachtach go leanfadh BCE air, gan rómhoill agus go haireach, agus go ndéanfadh sé an beartas airgeadaíochta a normalú.

2.4. Is airde an boilsciú atá ann anois ná mar a bhí ann riamh ó bunaíodh an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta. Tá sraith iomlán gnéithe taobh thiar de sin a d'fhág go raibh méadú diaidh ar ndiaidh ag teacht ar na rátaí boilscithe, fiú san am a bhí géarchéim dhomhanda COVID-19 ag dul chun donachta. Agus an limistéar euro i mbun téarnamh eacnamaíoch faoi láthair, is measa fós an treocht dhiúltach sin toisc go bhfuil an soláthar laghdaithe. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin

leis an ardú ar phraghsanna chomh maith. Is iomchuí a fhiafraí a mhéid is féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach, agus úsáid á baint aige as gach ionstraim atá ar fáil dó le haghaidh a bheartais airgeadaíochta, moill a bhaint as an bhfás ar bhoilsciú agus é a laghdú, de réir a chéile, go dtí an sprioc dhearbhaithe maidir le boilsciú agus é a choinneáil faoina bun sin, gan cobhsaíocht an airgeadra aonair ná an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 a chur i mbaol.

2.5. Níl na treochtaí boilscithe atá ann faoi láthair sealadach ná gearrthéarmach (mar a cuireadh in iúl san fhómhar in 2021), ach baineann ardleibhéal éiginnteachta leo. Sa dara leath den bhliain seo caite, chuaigh na praghsanna in airde mar gheall, go príomha, ar na praghsanna fuinnimh, ar shuaitheadh na slabhraí soláthair, ar an méadú géar neamhghnách a tháinig ar phraghsanna tráchtearraí, agus ar na costais níos airde iompair. Agus é á chur san áireamh gur casta iad na cúiseanna atá le dinimic praghsanna sa lá atá inniu ann, ní leor ann féin beartas airgeadaíochta chun srian a chur leis an mboilsciú. Is éard is gá a dhéanamh ná allmhairí fuinnimh a éagsúlú agus, ar an gcaoi sin, spleáchas ar sholáthairtí ón Rúis a laghdú. Chomh maith leis sin, deis stairiúil do na Ballstáit is ea an t-éagsúlú chun tabhairt faoi athchóirithe práinneacha struchtúracha (e.g. athchóirithe riaracháin, athchóirithe breithiúnacha, athchóirithe chun an smacht reachta a neartú) agus chun an spleáchas ar allmhairí ionchur traidisiúnta fuinnimh a laghdú. Ina theannta sin, is gá idirghabháil a dhéanamh sa mhargadh chun srian a chur leis an dinimic praghsanna luaineacha atá sa mhargadh fuinnimh faoi láthair. I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún idirghabháil éigeandála a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na praghsanna arda fuinnimh.

2.6. Ag an am céanna, tá fianaise ann a léiríonn gur éirigh le roinnt mhaith cuideachtaí a gcuid brabús aonaid a mhéadú cé go raibh na praghsanna fuinnimh ag dul i méid. Léiríonn an anailís ó BCE gur féidir an boilsciú foriomlán intíre a chur síos, go mór, do bhrabúis, óir chuir na cuideachtaí na costais níos airde ar aghaidh agus rinne siad a gcorrlaigh bhrabúis a chosaint agus a leathnú. D'fhéadfaí, freisin, srian a chur le dinimic praghsanna trí idirghabhálacha margaidh a dhéanamh in earnáil an fhuinnimh.

2.7. Cuirtear na méaduithe ar phraghsanna atá ann faoi láthair síos, go príomha, don soláthar. Tá tionchar díobhálach ag an treocht sin ar iomaíochas an limistéir euro. Fágann sí go bhfuil costais níos arda ann agus cuireann sí brú méadaitheach ar phá agus ar thuarastail, tráth atá sleabhcadh eacnamaíoch ann. Dá leanfadh an patrún díobhálach sin ar aghaidh, d'fhéadfadh marbh-bhoilsciú eascairt as (bíodh is nach bhfuil an baol sin i dtíortha an limistéir euro ina iomláine faoi láthair). Ó thaobh na staire de, taifeadadh marbh-bhoilsciú nach mór 40 bliain ó shin. Ní fhéadfaí a chur as an áireamh go bhféadfadh sé tarlú, dá leanfadh na turraingí seachtracha sistéamacha ar aghaidh, go mbeadh marbh-bhoilsciú neamh-inmhianaithe ann. Ar an taobh eile den scéal, tá CESE ag cur in iúl na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ar an soláthar dá mbeadh saothraithe ísealioncaim agus saothraithe meánioncaim thíos le caillteanais fíorphá.

2.8. In 2021, bhí treocht réasúnta fabhrach san fhás eacnamaíoch ar fud Bhallstáit an limistéir euro, agus níor tuaradh go mbeadh moilliú tobann ar infheistíochtaí agus sreafaí trádála mar thoradh ar ardleibhéil éiginnteachta eacnamaíche. Agus géarchéim dhomhanda COVID-19 ann, d'fhéadfadh an deighilt atá ann ó thaobh an fháis eacnamaíoch sa limistéar euro de dul in olcas mura ndéanfaí athchóirithe struchtúracha a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Maidir leis an treocht sin i dtreo na dibhéirseachta, d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aici ar chóineasú agus d'fhéadfadh sí an fhorbairt dhíobhálach sin a dhéanamh níos measa i mBallstáit an limistéir euro.

2.9. Sa ghearrthéarma, ní údar misnigh é a neamhdhóchúla atá sé go mbeadh fás infheistíochta ann. Tá cúlú éigin ann maidir leis na hionstraimí a glacadh chun téarnamh ó COVID-19 (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) mar gheall ar an éiginnteacht infheistíochta a d'eascair as an gcogadh san Úcráin. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhfuil na geilleagair aonair in ann déileáil le suaitheadh leanúnach na sreafaí trádála agus infheistíochta agus leis an éiginnteacht leanúnach atá sa gheilleagar domhanda, agus, thar aon ní eile, leis an ardleibhéal éiginnteachta i mBallstáit an limistéir euro.

2.10. D'eascair an moilliú eacnamaíoch freisin as na méaduithe suntasacha ar phraghsanna fuinnimh atá ag bagairt ar theaghlaigh. Tá bearta glactha ag roinnt Ballstát chun dul i ngleic leis an bhfás ar phraghsanna, mar shampla fóirdheontais, athruithe ar CBL (lena n-áirítear ranníocaíochtaí sóisialta breise), agus taraifí fuinnimh sóisialta do theaghlaigh ar na hioncaim is ísle. Ina fhianaise sin, is gá athmhachnamh a dhéanamh ar úsáid éifeachtúil fuinnimh ag teaghlaigh agus na nósanna tomhaltais fuinnimh a athrú. Agus na praghsanna fuinnimh ag dul i méid, tá tomhaltóirí ag fágáil earraí eile ar leataobh de réir a chéile, rud a fhágann go bhfuil laghdú ag teacht ar an éileamh ar na hearraí sin. Mar bharr air sin, de dheasca na bpraghsanna níos airde fuinnimh, tá teaghlaigh ag athrú a bpatrúin tomhaltais agus tá laghdú suntasach ag teacht ar thomhaltas earraí áirithe. Mar sin féin, bunearra is ea an fuinneamh agus ní fhéadfaí é a laghdú ach go pointe áirithe. Fágann sin gurb iad na teaghlaigh is boichte, go háirithe, a mbeidh na harduithe ar phraghsanna anuas orthu.

2.11. Bhí tionchar an-diúltach ar fad ag COVID-19 ar an airgeadas poiblí i mBallstáit an limistéir euro. Cuireadh clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis i ngníomh i mí an Mhárta 2020 chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19. Bunaíodh an Creat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach chomh maith, faoina rabhthas in ann spreagadh fioscach a úsáid ar mhórscála chun tacú leis an earnáil ghnó agus, freisin, chun an chobhsaíocht shóisialta a chothú.

2.12. Tá méadú suntasach tagtha ar chóimheasa fiachais na rialtas, go háirithe i roinnt Ballstát a bhfuil fiachas ard acu, mar thoradh ar an bhfreagairt fhioscach agus an crapadh ar aschur. Is den ríthábhacht inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a áirithiú i gcónaí tríd an bhfiachas poiblí a laghdú diaidh ar ndiaidh. Ós rud é go bhfanfaidh na praghsanna fuinnimh ar ardleibhéal sa mheántéarma, caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí margaidh agus na sásraí maidir le tógáil praghsanna, agus beidh tuilleadh bearta tacaíochta fioscacha ag teastáil, freisin, chun tacú leis na teaghlaigh agus na cuideachtaí a ndéantar difear mór dóibh de dheasca na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh.

2.13. Dá méadófaí an caiteachas ar an tslándáil agus ar thosaíochtaí tábhachtacha eile, d'fhéadfadh sé sin seasamh eacnamaíoch an limistéir euro sa gheilleagar domhanda a chúlú go ceann tréimhse. Ar an ábhar sin, tá mórdhúshláin le sárú ag na Ballstáit chun oibriú i dtreo an fháis inbhuanaithe eacnamaíoch agus chun sciar an limistéir euro sa gheilleagar, i gcomparáid le hiomaitheoirí domhanda eile, a chothú, agus sin trí úsáid a bhaint as gach uirlis atá ar fáil anuas ar na bearta éifeachtacha aonair, lena n-áirítear uirlisí taidhleoireachta.

2.14. Anois beag, tá titim tagtha, a thosaigh i mí na Bealtaine 2021, ar ráta malairte an euro i gcoinne dhollar na Stát Aontaithe mar gheall ar fhorbairtí díobhálacha geopholaitiúla. Tharla dímheas an euro (*depreciation*), arb é an dara hairgeadra cúltaca is mó atá ann, go príomha mar gheall ar na beartais airgeadaíochta éagsúla a shaothraigh an Banc Ceannais Eorpach agus an Federal Reserve System (FED).

2.15. Bunaithe ar an anailís thuas ar fad, thíolaic an Coimisiún Eorpach a réamhaisnéis eacnamaíoch (Iúil 2022), atá, den chuid is mó, ag brath ar athruithe san Úcráin. De réir na réamhaisnéise sin, táthar á thuar go mbeidh fás eacnamaíoch 2,7 % i mBallstáit an Aontais agus 2,6 % sa limistéar euro i mbliana. An bhliain seo chugainn, meastar go dtitfidh an fás sin go 1,5 % agus go 1,4 % faoi seach, de réir réamhaisnéisí an Choimisiúin. Meastar go mbeidh an meánráta boilscithe ar 7,6 % san Aontas agus ar 7,6 % sa limistéar euro i mbliana, ach go dtitfidh sé sin go 4,6 % agus 4 % an bhliain seo chugainn.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go ndéanfar difear mór d'fhorbairt eacnamaíoch thíortha an limistéir euro sa ghearrthéarma agus, freisin, sa mheántéarma mar gheall ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá an fhorbairt dhíobhálach sin sistéamach agus níorbh ann dá leithéid tar éis na gcogaí a bhí ann roimhe. Tá sé an-deacair, dá bhrí sin, í a chur i gcomparáid le turraingí eile a raibh tionchar diúltach acu go stairiúil ar fhorbairtí eacnamaíocha sa limistéar euro. Cibé ar bith, tá leibhéal an-ard éiginnteachta ann a fhágann go bhfuil sé níos deacra réamhaisnéis a thabhairt ar na hathruithe atá amach romhainn.

3.2. Tá sé á chur in iúl ag CESE nach údar misnigh í conair na mbuntáscairí maicreacnamaíocha agus na mbuntáscairí micreacnamaíocha i dtíortha an limistéir euro. Tá leibhéal na héiginnteachta thar a bheith ard. Go háirithe, tá roinnt rudaí éagsúla nach fios cad iad a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na leibhéil éiginnteachta, atá thar a bheith ard cheana féin, ar de chineál geopholaitiúil agus eacnamaíoch iad den chuid is mó.

3.3. Tá CESE den bharúil go bhfuil an treocht bhoilscithe ina riosca mór do dhul chun cinn socheacnamaíoch i dtíortha an limistéir euro. Cuirtear an riosca boilscithe reatha síos, go príomha, don soláthar agus do shuaitheadh na slabhraí luacha. Tá athrú tagtha ar an soláthar, go háirithe i réimse na n-ionchur fuinnimh, lena n-áirítear ar phraghsanna fuinnimh, mar gheall ar a bhfuil ag tarlú san Úcráin agus mar gheall ar na bearta chun srian a chur le leathadh COVID-19.

3.4. Agus an chaoi a bhfuil dinimic bhoilscithe an lae inniu, is gá úsáid fhorleathan a bhaint as bosca uirlisí BCE le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach trí leas a bhaint as beartas airgid réidh. Ba cheart do BCE leanúint air go haireach agus an beartas airgeadaíochta a normalú. Thairis sin, táthar ag súil leis go leanfar den tacaíocht do thíortha an limistéir euro trí bhíthin an bheartais airgeadaíochta.

3.5. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE nach bhfuil an riosca boilscithe faoi chois ag na Ballstáit agus nach bhfuil ach lagiarrachtaí á ndéanamh chun deireadh a chur leis. I bhfianaise na treochta leanúnaí neamhfhabhraí sa bhoilsciú agus an tionchair atá aici ar theaghlaigh, agus anuas ar a bhfuil ag tarlú ó thaobh an iomaíochais de, tá CESE ag iarraidh ar na hinstitiúidí inniúla freagracha go léir gach beart práinneach a ghlacadh agus a chur chun feidhme d'fhonn na turraingí diúltacha praghsanna a chúiteamh. Ag an am céanna, ní mór corraíl sa mhargadh bannaí flaithiúnais a chosc sa limistéar euro ([1]).

3.6. Is díol sásaimh do CESE gur foilsíodh an clár do REPowerEU. Tá sé den bharúil go gcabhróidh an clár sin le laghdú diaidh ar ndiaidh a chur ar an spleáchas ar ionchuir fuinnimh ó Chónaidhm na Rúise. Chomh maith leis sin, leis an gclár sin, tá an deis ann deireadh a chur leis na rioscaí costais is mó, ar bagairt mhór iad sin do chobhsaíocht praghsanna i dtíortha an limistéir euro.

3.7. Tá CESE den bharúil go bhféadfadh REPowerEU rannchuidiú lárnach a dhéanamh ar dhá bhealach: (i) d'fhéadfadh sé an infheistíocht in earnálacha agus i réimsí roghnaithe a mhéadú go mór. Ar an gcaoi sin, bhainfí amach an sprioc a leagadh síos fiú sula ndearna an Rúis ionradh ar an Úcráin. Is é an fhís bhunúsach atá ann go mbeidh an bhliain seo suntasach ó thaobh fás ar infheistíocht de, go háirithe i réimsí roghnaithe a bhaineann le leas an phobail; (ii) meastar go gcuirfidh REPowerEU go mór leis na hathruithe struchtúracha is tábhachtaí atá le déanamh ag an nglúin seo. Sa chaoi sin, bhainfí an príomhchuspóir amach maidir le geilleagair an limistéir euro a dhéanamh níos iomaíche, níos inbhuanaithe agus níos athléimní, le go bhféadfaí na príomhspriocanna arna leagan amach sa Chomhaontú Glas a shaothrú.

3.8. Tá súil ghéar á coinneáil ag CESE ar an gcaoi a bhfuil infheistíocht, go bunúsach, á ath-leithdháileadh i gcomparáid leis na bunphleananna infheistíochta a bhí ann. D'fhéadfaí a bheith ag súil leis nach mbeadh an oiread céanna fás ar infheistíocht in earnálacha atá bainteach le hathstruchtúrú fuinnimh agus earnálacha ina bhfuil tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais á gcur chun feidhme do thíortha an Aontais. Ní léir cad a bheidh i ndán d'earnálacha agus do réimsí nach bhfuil bainteach leis sin. Ar a shon sin, tá sé tábhachtach go bhforbrófaí fiontair bheaga agus mheánmhéide in earnálacha traidisiúnta den gheilleagar (fiontair nach bhfuil gá straitéiseach leo nó nach spéis leo a bheith i measc na bhfiontar is fearr ar domhan), trí na deiseanna atá sna réigiúin aonair a thapú.

3.9. Tá CESE go láidir i bhfabhar machnamh cuí a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí tábhachtacha reatha a chomhlíonadh, agus sin anuas ar fheidhmíocht aonfhoirmeach nuálaíochta a áirithiú sna réigiúin, sa limistéir euro agus san Aontas trí chéile. Dá ndéanfaí beag is fiú den sprioc sin, d'fhéadfadh na treochtaí éagsúla idir réigiúin an limistéir euro agus Ballstáit an Aontais dul chun donachta.

3.10. Is díol sásaimh do CESE go bhféadfadh cóineasú níos láidre a bheith ann a bhuí sin leis an bhfás i mBallstáit an limistéir euro nach mbíodh chomh forbartha céanna roimhe seo, ach a raibh fás á dhéanamh iontu a bhí, san fhadtéarma, ar ráta níos airde ná meánráta an limistéir euro. Ina fhianaise sin uile, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh próiseas níos measa agus níos éagsúla i mBallstáit an limistéir euro eascairt as COVID-19 agus as an gcogadh atá san Úcráin faoi láthair, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos deacra na bunsmaointe arna leagan amach i gConradh Maastricht a bhaint amach.

3.11. Is díol sásaimh do CESE, agus tacaíonn sé leis, go bhfuil díospóireacht ar siúl faoi láthair maidir le dearadh an chreata nua institiúidigh d'airgeadas poiblí Bhallstáit an Aontais. Ar a shon sin, tá sé á chur in iúl ag CESE, maidir le rialacha fioscacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a nuashonrú, gurb é an dúshlán a bheidh ann, thar aon ní eile, ná an inbhuanaitheacht airgeadais a thabhairt chun réitigh le riachtanais shoiléire infheistíochta poiblí.

3.12. Feictear do CESE go bhféadfar comhordú frithpháirteach agus naisc a bhunú sna cineálacha beartas arb é is aidhm dóibh fiachas inbhuanaithe poiblí a áirithiú. Thairis sin, i gcásanna a bhfuil údar maith leo, caithfear tacú le straitéisí fioscacha i gcomhréir le cur chuige meántéarmach maidir le ceartúchán fioscach atá dírithe ar théarnamh agus ar athléimneacht. Tá CESE ag súil le go dtiocfar ar réitigh réadúla indéanta, agus, leis sin, go mbunófar ardán airgeadais phoiblí ar cheart é a chur chun feidhme gan mhoill.

3.13. Ós rud é go bhfuil buiséid phoiblí faoi bhrú tar éis ghéarchéim COVID-19, ní mór aon bhearta cúiteacha eile chun tacú le teaghlaigh agus le cuideachtaí chun déileáil leis an ngéarchéim fuinnimh a bheith dírithe agus éifeachtach. Tuigeann CESE, mar is ceart, na cúiseanna reatha lena gcosnaítear na riachtanais slándála, dhaonnúla agus shóisialta agus a dtionchar ar bhuiséid náisiúnta sa limistéar euro, agus urramaíonn sé na cúiseanna sin. Agus an scéal amhlaidh, is díol sásaimh do CESE an cinneadh ón gCoimisiún síneadh a chur le feidhm chlásal éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún a chur chun cinn a luaithe is féidir tograí nithiúla chun an Comhshocrú sin a athchóiriú.

([1]) Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE an fógra ó BCE ón 15 Meitheamh 2022 go bhfuil sé i gceist aige oibriú ar ionstraim chun an ilroinnt sa limistéar euro a chomhrac.

3.14. Dhearbhaigh CESE arís agus arís eile go raibh tuilleadh iarrachtaí ag teastáil chun seasamh an limistéir euro sa chomhthéacs idirnáisiúnta a neartú, agus teastaíonn iarrachtaí den sórt sin inniu níos mó ná riamh. Sa lá atá inniu ann, tá dúshláin nua le sárú ag geilleagair an limistéir euro a bhaineann leis an riosca slándála foriomlán agus na hathruithe struchtúracha. Anuas air sin, d'fhéadfadh forbairtí eacnamaíocha agus polaitiúla difear a dhéanamh do sheasamh an euro sa chóras idirnáisiúnta airgeadaíochta agus íocaíochta. Ach deireadh a chur le hionradh agus cogadh na Rúise san Úcráin agus iomláine chríochach na hÚcráine a athbhunú, d'fhéadfadh sé go n-athshlánófaí an geilleagar domhanda agus go neartófaí an limistéar euro atá mar chuid de.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá CESE suite de, d'fhonn cobhsaíocht choibhneasta shocheacnamaíoch i mBallstáit an limistéir euro a áirithiú, agus sin a dhéanamh sa chomhthéacs reatha leanúnach ina bhfuil ardleibhéil éiginnteachta geopholaitiúla agus eacnamaíche mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le boilsciú méadaitheach agus fiachas poiblí atá ag dul i méid, tá CESE suite de go mbeidh sé tábhachtach díriú ar na tosaíochtaí cearta agus úsáid á baint as cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Leis an ionstraim sin, cuirtear ar chumas na mBallstát bannaí a eisiúint go comhpháirteach ar na margaí caipitil, rud a bhí, agus atá fós go dtí seo, an-éifeachtach. Dá bhrí sin, d'fháilteodh CESE go mór roimh a húsáid phraiticiúil amach anseo freisin. Ar an ábhar sin, feictear do CESE go bhféadfaí leanúint den tSaoráid a úsáid tar éis 2026.

4.2. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhféadfadh cúlú eacnamaíoch, agus marbh-bhoilsciú fiú, a bheith i dtíortha áirithe an limistéir euro mar gheall ar an gcogadh atá ar siúl ag an Rúis san Úcráin. Dá bhrí sin, tá faireachán cúramach ar na forbairtí díobhálacha sin, agus gníomhaíocht réamhghabhálach chun dul i ngleic leosan, ag teastáil níos mó anois ná mar a bhí riamh.

4.3. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go léiríonn treochtaí dífhostaíochta agus treochtaí i margadh an tsaothair go bhfuil cobhsaíocht choibhneasta ann. Ag an am céanna, tá sé á chur i bhfios ag CESE go bhfuil neamhréireachtaí sách mór sna rátaí náisiúnta dífhostaíochta i gcomparáid leis an tréimhse roimh 2008. Tá an dífhostaíocht struchtúrach forleathan i roinnt Ballstát sa limistéar euro, anuas ar ghanntanas lucht saothair oilte. Fágann an ganntanas réasúnta mór sin ó thaobh lucht saothair ard-oilte de nach bhfuil deis mhór a dóthain ann an t-iomaíochas in earnálacha agus i réimsí roghnaithe a mhéadú. Ar an ábhar sin, tá CESE á thabhairt dá aire go bhfuil deis sách mór ann, nár tapaíodh go fóill, uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh i mBallstáit an limistéir euro agus san Aontas.

4.4. Tá an-imní ar fad ar CESE maidir leis na treochtaí diúltacha atá ann ó an neamhionannais de agus maidir leis an mbochtaineacht atá ag dul i méid i mBallstáit an limistéir euro agus ar fud an Aontais. Sa chiall is leithne den téarma, is é an neamhionannas, go príomha, toradh na géarchéime airgeadais domhanda. Is measa an treocht sin fós de dheasca COVID-19. Faoi láthair, tá dochar á dhéanamh do na grúpaí is leochailí den phobal, agus, freisin, do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, as siocair na bpraghsanna fuinnimh agus bia atá ag dul i méid. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go práinneach ar gach institiúid inniúil líontán sábhála sóisialta a fheidhmíonn go héifeachtach a bhunú, ceann nach bhfágfar aon duine ar lár ann.

4.5. Tá aird á tarraingt ag CESE air, an athuair, go bhféadfadh tuilleadh athruithe, tréimhsí paindéime agus tréimhsí eipidéime a bheith ann, gan choinne, amach anseo. Léirigh teacht chun cinn agus leathadh pras COVID-19 nach raibh an earnáil sláinte réidh ar chor ar bith don phaindéim. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí ullmhúchán níos doimhne agus, thar aon ní eile, go mbeadh beartas níos freagraí ag gach comhlacht agus institiúid atá inniúil sa réimse sin. Tá CESE ag tabhairt dá aire, faoi mar a léirigh na hathruithe a tharla le dhá bhliain anuas, gur i réimse na sláinte agus réimse an choisc an ráta is airde toradh ar infheistíocht.

4.6. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go ndearnadh an cinneadh ceart tacú le leachtacht bhreise a chur ar fáil ó bhris COVID-19 amach. Mar sin féin, ós rud é gur cuireadh roinnt oibríochtaí áirithe ar fionraí, tá sé tábhachtach anois go ndíreofaí ar shócmhainneacht gnólachtaí áirithe a áirithiú. Beidh leachtacht bhreise ag teastáil, freisin, chun tacú leis an bhfás tar éis na paindéime. Tá CESE den bharúil, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach dul ar aghaidh le bunú Aontas na Margaí Caipitil agus bunú an Aontais Baincéireachta.

4.7. Tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil próiseas na hilroinnte ar siúl faoi láthair i ngeilleagar an domhain. De dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá ilroinnt sa trádáil idirnáisiúnta, in íocaíochtaí idirnáisiúnta, sa chaidreamh idirnáisiúnta airgeadra-airgeadais, san iompar idirnáisiúnta, san eolaíocht idirnáisiúnta agus sa taighde idirnáisiúnta, i slabhraí luacha domhanda, agus i réimsí eile chomh maith. Tá tionchar an-diúltach ag an bpróiseas sin ar fhorbairtí socheacnamaíocha i dtíortha an limistéir euro.

4.8. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE gurb é seo, an t-ardleibhéal éiginnteachta eacnamaíche agus geo-eacnamaíche atá ann faoi láthair agus na rioscaí móra a bhaineann leis sin, an cás is casta dá raibh riamh i stair thionscadal lánpháirtíochta na hEorpa. I bhfianaise a dheacra atá sé na forbairtí socheacnamaíocha a bheidh ann amach anseo a thuar, tá géarghá leis go nglacfadh na hinstitiúidí inniúla réimse leathan beart chun turraingí seachtracha i ngeilleagair Bhallstáit an limistéir euro a laghdú agus chun deireadh a chur leo.

An Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG